2025/205

31.1.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/205 ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Eanáir 2025

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2025/204 an 30 Eanáir 2025 ón gComhairle lena leasaítear Comhsheasamh 2001/931/CBES maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 ón gComhairle ([2]), tugtar éifeacht do Chomhsheasamh 2001/931/CBES ([3]) ón gComhairle.

(2) An 19 Feabhra 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/628 ([4]), lenar cuireadh isteach i gComhsheasamh 2001/931/CBES, ar feadh tréimhse thosaigh 12 mhí, díolúine dhaonnúil ó bhearta reo sócmhainní atá infheidhme maidir le cistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, agus maidir leis na srianta ar an méid sin a chur ar fáil, do dhaoine, grúpaí agus eintitis ainmnithe, ar mhaithe leis na gníomhaithe dá dtagraítear i Rún 2664 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí ar dheonaigh an tAontas an Deimhniú Comhpháirtíochta Daonnúla dóibh, nó atá deimhnithe nó aitheanta ag Ballstát an Aontais, nó ag gníomhaireachtaí speisialaithe Ballstáit. Ina theannta sin, tugadh isteach le Cinneadh (CBES) 2024/628 sásra maolúcháin le haghaidh na n-eagraíochtaí agus na ngníomhaithe sin atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí daonnúla nach féidir leo leas a bhaint as an díolúine dhaonnúil sin, agus clásal athbhreithniúcháin a bhaineann leis na heisceachtaí sin.

(3) An 30 Eanáir 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/204, lena leasaítear Comhsheasamh 2001/931 chun síneadh a chur leis an díolúine dhaonnúil go dtí an 22 Feabhra 2027.

(4) Tagann na bearta sin faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun iad a chur chun feidhme, go sonrach d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001mar seo a leanas:

(1) i mír (7), cuirtear na focail '12 mhí' in ionad na bhfocal '24 mhí';

(2) i mír (8), cuirtear an dáta '22 Feabhra 2025' in ionad an dáta '22 Feabhra 2027'.

([1]) IO L, 2025/204, 31.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/204/oj.
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 an 27 Nollaig 2001 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac (IO L 344, 28.12.2001, lch. 70, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/2580/oj).
([3]) Comhsheasamh 2001/931/CBES ón gComhairle an 27 Nollaig 2001 maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac (IO L 344, 28.12.2001, lch. 93, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/628/oj).
([4]) Cinneadh (CBES) 2024/628 ón gComhairle an 19 Feabhra 2024 lena leasaítear Comhsheasamh 2001/931/CBES maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac (IO L, 2024/628, 20.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/628/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiseil, an 30 Eanáir 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. SZŁAPKA